An Roinn Oideachais
Department of Education

Tacaíocht Teagaisc don Oideachas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna

Treoir mhearthagartha do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí



Forléargas

Ba cheart go mbeadh braistint muintearais ag gach páiste agus go mothódh siad go bhfuil meas orthu mar bhall dá bpobal scoile. Baintear é sin amach trí rannpháirtíocht fhónta i ngach gné de shaol na scoile.

Cuireann gach scoil tacaíocht bhreise ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga le foghlaim, cumarsáid, mothúcháin a thuiscint, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile, nó caidrimh le páistí eile agus daoine óga sa scoil.

Tá an ceart ag gach páiste agus duine óg a bhfuil riachtanais speisialta teagaisc oideachais acu rochtain a fháil ar oideachas i rang príomhshruth,

Is é an múinteoir ranga nó ábhair an príomhthacaíocht do gach páiste agus duine óg i rang príomhshrutha lena n-áirítear páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Nuair a aontaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí, páistí agus daoine óga, agus múinteoirí go bhfuil tacaíocht sa bhreis ag teastáil, féadfaidh múinteoir oideachais speisialta í sin a chur ar fáil.

Tugtar le hocht bpríomhphrionsabal treoir do thacaíocht teagaisc oideachais speisialta



Figure 1 Principles underpinning the special education teaching mode

Conas a shocraítear tacaíocht bhreise ó mhúinteoir oideachais speisialta?

Déantar aon riachtanas tacaíochta bhreise go bhféadfadh a aontú air do do pháiste nó duine óg ar bhonn comhoibríoch idir na múinteoirí, tusa agus do pháiste. Seans go mbeadh gairmithe eile páirteach leis seo uaireanta.

Tá an leibhéal cabhrach teagaisc oideachais speisialta go bhféadfadh a bheith ag teastáil ó do pháiste nó ó dhuine óg bunaithe ar riachtanais an pháiste nó duine óg, agus d'fhéadfadh riachtanais a athrú le himeacht ama de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn páistí. Is é an Plean Tacaíochta Dalta, lena leagtar síos thíos, an bealach lena chinntiú go bhfaigheann siad an tacaíocht cheart ag an am ceart.

D'fhéadfaí a áireamh leis sin, tacaíocht bhreise sa rang, cabhair bhreise ó mhúinteoir oideachais speisialta, ag múineadh i ngrúpaí beaga, nó tacaíocht teagaisc duine le duine ó mhúinteoir oideachais speisialta.

Úsáideann scoileanna an Contanam Tacaíochta chun treoir a fháil maidir leis an mbealach is fearr chun tacaíochtaí breise a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga. Ciallaíonn sé sin gur féidir Páistí agus daoine óga rochtain a fháil ar an leibhéal tacaíochta de dhíth orthu.

Is creat é an Contanam Tacaíochta arna úsáid ag scoileanna chun láidreachtaí agus riachtanais páistí a aithint, tacaíochtaí cuí a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Cabhraítear leis an gContanam Taccaíochta le leithdháileadh solúbtha agus tráthúil tacaíochtaí a chinntiú, ionas go bhfuil rochtain ag na daoine a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar an leibhéal tacaíochta is mó.

Tá tuilleadh eolais ar an gContanam Tacaíochta ar fáil ag an nasc a leanas.



Cad is Comhad Tacaíochta Dalta ann?

Úsáidtear an Comhad Tacaíochta Dalta chun eolas maidir le láidreachtaí, caithimh aimsire agus riachtanais do pháiste a thaifeadadh. Úsáidtear é freisin chun taifead a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus chun aon athrú a d'fhéadfadh a bheith le déanamh maidir leis an tacaíocht atá á soláthar ar scoil.

Cad is Plean Tacaíochta Dalta ann?

Is plean ar leith do do phaiste nó do dhuine óg é an Plean Tacaíochta Dalta lena sonraítear láidreachtaí, caithimh aimsire agus riachtanais do pháiste mar aon leis na riachtanais tosaíochta a aontaíodh orthu mar phríomhfhócas do thacaíocht teagaisc breise sa scoil.

Forbraítear an Plean Tacaíochta Dalta i gcomhar leis an múinteoir ranga ábhartha, le múinteoir(í) oideachais speisialta, le tuismitheoirí/caomhnóirí. Seans go mbeadh gairmithe eile páirteach leis seo uaireanta. Tá tuairimí do pháiste lárnach sa phróiseas seo.

Ba cheart go ndéanfar athbhreithniú ar Phleananna Tacaíochta Dalta go rialta, d'fhonn a chinntiú go leantar le spriocanna agus tacaíochtaí teagaisc aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlama tosaíochta aitheanta do pháiste.

An bhfuil diagnóis ag teastáil ó mo pháiste chun rochtain a fháil ar thacaíocht teagaisc oideachais speisialta i rang príomhshrutha?

Níl measúnú síceolaíochta nó diagnóis ag teastáil ó pháistí nó ó dhaoine óga chun rochtain a fháil ar thacaíocht bhreise ó mhúinteoir oideachais speisialta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha. É sin ráite, tá sé an-chabhrach go roinneann tuismitheoirí/caomhnóirí aon eolas breise le scoil a bpáiste, lena n-áirítear aon tuairisc(í) proifisiúnta. Cabhrófar le cur chuige comhoibríoch, ina bhfuil an páiste nó an duine óg, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus uaireanta gairmithe eile páirteach, láidreachtaí, riachtanais agus tacaíochtaí a aithint go bhféadfadh a bheith ag teastáil i dtimpeallacht na scoile.

Cad a tharlódh mura bhfuil mé sásta leis an tacaíocht atá á soláthar do mo pháiste nó do dhuine óg

Má tá imní ort, ar an gcéad dul síos ba cheart duit plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuiltear ag freastal ar riachtanais do pháiste lena múinteoir/múinteoir ábhair agus/nó múinteoir oideachais speisialta. D'fhéadfá labhairt le príomhoide na scoile freisin.

Tá do Chomhairle Náisiúnta áitiúil um Oideachas Speisialta (CNOS) ERSO (Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais) ar fáil chun tacaíocht a thabhairt duit agus don scoil maidir leis na ceisteanna sin. Tá sonraí teagmhála an ERSO ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNOS (www.NCSE.ie)

I gcás go bhfuil imní ort fós agus is mian leat úsáid a bhaint as nós imeachta na scoile chun gearáin a dhéanamh, beidh cóip den nós imeachta sin ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar shuíomh gréasáin na scoile agus/nó ar iarratas ón scoil.

An bhfaigheann gach scoil leithdháileadh do Theagasc Oideachais Speisialta?

Faigheann gach bunscoil agus iar-bhunscoil leithdháileadh d'acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacú le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leithdháiltear na hacmhainní sin chuig scoileanna bunaithe ar phróifíl riachtanas oideachais gach scoil aonair.

Tá líon na múinteoirí oideachais speisialta i scoileanna príomhshrutha ag an leibhéal is airde riamh agus beagnach 15,000 múinteoir leithdháilte trasna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

I gcás go bhfuil imní ar scoileanna maidir lena leibhéal acmhainní teagaisc oideachais speisialta ba cheart dóibh dul i dteagmháil lena CNOS agus EROS áitiúil agus féadfaidh siad iarratas ar athbhreithniú a chur isteach ina dhiaidh sin. Má aithnítear leis an athbhreithniú go bhfuil riachtanas breise ag teastáil, leithdháilfear na hacmhainní chuig an scoil.

Ciallaíonn sé sin go gcuirtear ar fáil do gach scoil na hacmhainní atá riachtanach chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chlárú i ranganna príomhshrutha ar aon dul le beartas iontrála na scoile.

Treoirlínte do scoileanna chun tacú le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu

Le haghaidh eolais níos mionsonraithe d'eisigh an Roinn treoirlínte fairsinge do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun cabhrú leo maidir le tacaíocht a chur ar fáil do gach páiste agus duine óg i ranganna príomhshrutha a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu.

Is féidir rochtain a fháil ar na treoirlínte mionsonraithe ag na naisc seo a leanas:

Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Ranganna Príomhshrutha

Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Ranganna Príomhshrutha

Ina theannta sin, tá gach ceann díobh thuas tacaithe ag Táscairí Dea-Chleachtais mar aon le samplaí chun cabhrú leo. Is féidir teacht orthu seo trí na naisc thuas freisin.